DÉ SATHAIRN | **An 10 Meitheamh 2023**

# CIARRAÍ



## SAOR IN AISCE

Imeachtaí agus Ceardlanna Cruthaitheacha don aoisghrúpa 0-18 mbliana d'aois

creativeireland.gov.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

RTÉ

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

Cruinniú na nÓg

Cruinniú na nÓg









## Ceantar Bardasach THRÁ LÍ

### Solstice Siamsa!

**Siamsa Tíre, Trá Lí | Aois: 7-12 bliana d'aois | 9am-1pm**
**Le cur in áirithe: 066 712 3055**

Cuirfidh ealaíontóirí ó Shiamsa Tíre ceardlanna i láthair bunaithe ar 'Grianstad Siamsa' a dhéanann cultúr Gaelach a cheiliúradh. Is léiriú atá ann ar thráth geal agus fuinniúil na bliana, ina ndéanfaidh na rannpháirtithe iad féin a fhiosrú agus a gcuid samhlaíochta a chur i láthair trí dhamhsa, scéalaíocht, amhránaíocht, drumadóireacht agus ealaíona agus ceardaíocht, a thabharfaidh deis dóibh an beart a dhéanamh chun a n-acmhainn iomlán a bhaint amach i suíomh bríomhar, bunúsach!

### Am Scéalaíochta Origami

**Leabharlann Chiarraí | Leabharlann Thrá Lí | Aois: 5+ bliana d'aois | 10am-11.30am | Le cur in áirithe: tralee@kerrylibrary.ie**

Foghlaim faoi ealaín Notans na Seapáine, agus spraoi in úsáid agus gearradh páipéir chun íomhá a chruthú, leis an ealaíontóir Rebecca Lyons.

### Ceol le hAoife

**Clubtheach na nGael, Bóthar an Chillín, Trá Lí | Aois: 9-12 bliana d'aois | 10am-12pm | Le cur in áirithe: eefster2000@yahoo.com**

Cuir feabhas ar do sheinm ar an bhfeadóg stáin agus foghlaim amhráin agus damhsa Gaelacha sa cheardlann ceol Gaelach traidisiúnta seo leis an gceoltóir Aoife O'Donoghue.

### Ceardlann Mini Music Movers

**Music Generation Kerry | Ionad Acmhainní do Theaghlach na Seanchoille, Trá Lí | Aois: 4-5 bliana d'aois 10.30am-10.45am**
**Aois: 6-7 mbliana d'aois | 11.30am-11.45am**
**Le cur in áirithe: https://forms.office.com/e/cRkeadEehw**

Bí ag canadh, ag damhsa agus ag ceol le Sorcha i dtimpeallacht spraíúil agus shuaimhneach. Gheobhaidh na rannpháirtithe go leor rudaí cúláilte amach faoi cheol, beidh siad in ann cúpla amhrán maith a fhoghlaim agus cúpla damhsa den scoth a dhéanamh! Níl aon taithí roimh ré ag teastáil. Ní mór do na rannpháirtithe a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir an t-am ar fad.

## Ceardlann Drum Rollers



**Music Generation Kerry | Ionad Acmhainní do Theaghlach na Seanchoille, Trá Lí | Aois: 8-5 bliana d'aois 10.30am-11.15am Aois: 10-12 bliana d'aois | 11.30am-12.15pm**
**Le cur in áirithe: https://forms.office.com/e/rqnYQbNjDC**

Cuardaigh an drumadóir laistigh sa cheardlann ghníomhach agus spraíúil seo atá faoi stiúir Ray agus Damian! Foghlaim roinnt rithimí cúláilte agus spéisiúil, seinn ar go leor cineálacha drumaí difriúla agus bíodh neart spraoi agat in atmaisféar suaimhneach agus tarraingteach! Níl aon taithí roimh ré ag teastáil. Ní mór do na rannpháirtithe a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir an t-am ar fad.

## Junk Kouture Thrá Lí



**Músaem Chontae Chiarraí, Trá Lí | Gach Aois | 11am**
**Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Taispeántas d'fheistis Kouture deartha agus cruthaithe ag scoláirí Iar-bhunscoile Thrá Lí ina bhfuil ábhair athchúrsáilte in úsáid. Osclóidh aoi speisialta an taispeántas agus beidh sé ar taispeáint ar feadh coicíse.



## Ealaín & Filíocht le Amanda: Do Mhúsaem féin a chruthú

**Músaem Chontae Chiarraí, Trá Lí | Gach Aois | 11am-4pm**
**Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Buail isteach chuig Amanda le haghaidh ceardlann buail isteach chun ealaín agus dánta a chruthú a fhaigheann spreagadh ó rudaí a bhíonn ar taispeántas i Músaem Chontae Chiarraí. Beidh gach saothar ealaíne cruthaitheach ar taispeáint i dtaispeántas speisialta a bheidh le feiceáil ag an músaem.

Cruinniú na nÓg

Saturday 10th June







## Amharclanna Óige Chiarraí - Le chéile le haghaidh Aon Lá Amháin!

**Kerry LCYP | Dúchas Comhaltas Centre, Kerry Sports Academy, MTU Campus, Drom Tacair, Trá Lí | Gach Aois | 12pm-4pm**
**Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Tagann Dingle Youth Theatre, Shout Out Youth Theatre, South Kerry Youth Theatre agus Kerry Youth Theatre North & South le chéile le haghaidh lá taiscéalaíochta, taibhithe agus ceardlainne.
Tá sé geallta go mbeidh aird tarraingthe ar a mbíonn ag tarlú in amharclann na n-óg, tar linn chun obair idir lámha a fheiceáil - seo do sheans suí siar agus Amharclanna d'Aos Óg Chiarraí a fheiceáil faoi lán seoil. Más maith leat amharclann, is cinnte go mbainfidh tú sult as an méid seo. Bí ag súil le 20 nóiméad a chaitheamh ar an suíomh chun an ghníomhaíocht a fheiceáil. Tá teorainn 30 duine ag an am sa halla éisteachta.

## Give it Socks!

**The Hand March | Siamsa Tíre, Trá Lí | Aois: 5-12 bliana d'aois**
**2pm-3pm agus 3.15pm-4.15pm**
**Le cur in áirithe: boxoffice@siamsatire.com | 066 712 3055**

Beidh an deis ag rannpháirtithe a gcuid puipéad stoca féin a dhéanamh agus bunphrionsabail phuipéadóireachta a fhoghlaim ó Alex. Stocaí ildaite, súile gúglála agus neart maisiúcháin. Beidh tú ag labhairt le do lámh gan mhoill!

## Ceardlann Fiadhúlra agus Oidhreachta Johnny Magory leis an Údar Emma-Jane Leeson

**Leabharlann Chiarraí | Leabharlann Thrá Lí | Aois: 4-11 bliana d'aois | 2.30pm-3.30pm | Le cur in áirithe: tralee@kerrylibrary.ie**

Buail isteach chuig Emma-Jane don cheardlann idirghníomhach, spraíúil seo a bhaineann le leabhair eachtraíochta Johnny Magory a léamh, damhsa agus ceol Gaelach, agus plé oideachasúil ar fhiadhúlra agus oidhreacht Ghaelach ina dhiaidh sin. Tugtar spreagadh do rannpháirtithe freisin a gcuid samhlaíochta a úsáid chun a gcuid scéalta féin a tharraingt nó a scríobh.

## Ceantar Bardasach CHILL AIRNE



### Déan Mucros é!

**Me + the Moon | The Schoolhouse, Teach Mhucrois & Feirmeacha Traidisiúnta, Cill Airne | Aois: 5-12 bliana d'aois | 10am-10.45am, 11am-11.45am, 12.30pm-1.15pm, 2pm-2.45pm | Le cur in áirithe: www.eventbrite.ie/e/make-at-muckross-cruinniu-na-nog-2023-tickets-616974596627**

Buail isteach chuig David Fortune le haghaidh ceardlanna ealaíne próisis ina mbeidh tarraingt, péinteáil agus cré ar siúl. Tá fáilte roimh leanaí óga le cúnamh ó thuismitheoir/ó chaomhnóir. Ní mór do na rannpháirtithe a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir an t-am ar fad.



### Ceardlann Drum Rollers

**Music Generation Kerry | ANAM: Ionad Ealaíona & Cultúrtha Chill Airne, V93 D628 | Aois: 8-9 mbliana d'aois 10.30am-11am**
**Aois: 10-11 bliana d'aois 11.15am-12pm**
**Aois: 12+ bliana d'aois 12.15pm-1pm**
**Le cur in áirithe: https://forms.office.com/e/rqnYQbNjDC**

Foghlaim rithimí dochreidte agus seinn fuaimeanna drumaí difriúla agus corraitheacha ón Aifric go Meiriceá Theas leis an gCnagcheoltóir Martin Schärer! Beidh na rannpháirtithe faoi stiúir Martin le socruithe simplí go casta i dtimpeallacht spraíúil agus suaimhneach, agus é geallta go mbeidh an-tóir orthu.



### Ceardlann Fiadhúlra agus Oidhreachta Johnny Magory leis an Údar Emma-Jane Leeson

**Leabharlann Chiarraí | Leabharlann Chill Airne**
**Aois: 4-11 bliana d'aois | 11am-12pm**
**Le cur in áirithe: killarney@kerrylibrary.ie**

Buail isteach chuig Emma-Jane don cheardlann idirghníomhach, spraíúil seo a bhaineann le leabhair eachtraíochta Johnny Magory a léamh, damhsa agus ceol Gaelach, agus plé oideachasúil ar fhiadhúlra agus oidhreacht Ghaelach ina dhiaidh sin. Tugtar spreagadh do rannpháirtithe freisin a gcuid samhlaíochta a úsáid chun a gcuid scéalta féin a tharraingt nó a scríobh.



## Taispeáintí Scannán SONAR agus ELF le Ceisteanna agus Freagraí agus Aíonna Speisialta

**Kerry International Film Festival | The Garden Room, Teach & Gairdíní Chill Airne | Aois: 16-18 mbliana d'aois | 2pm-5pm**
**Le cur in áirithe: info@miekevanmechelen.com**

Scannáin ar scáileán ó scannánóirí óga buaiceacha ó SONAR (Scannánóirí Óga na Ríochta) agus ELF (Emerging Limerick Filmmakers). Glacfaidh na scannánóirí óga páirt in iarscáileán Ceisteanna & Freagraí leis an Scannánóir Chiarraíoch Chónaithe Mieke Vanmechelen.



## Ceardlann Mini Music Movers

**Music Generation Kerry | ANAM: Ionad Ealaíona & Cultúrtha Chill Airne | Aois: 4-5 bliana d'aois: 2pm-2.15pm | Aois: 6-7 mbliana d'aois: 3pm-3.15pm**
**Le cur in áirithe: https://forms.office.com/e/cRkeadEehw**

Bí ag canadh, ag damhsa agus ag ceol le Sorcha i dtimpeallacht spraíúil agus shuaimhneach. Gheobhaidh na rannpháirtithe go leor rudaí cúláilte amach faoi cheol, beidh siad in ann cúpla amhrán maith a fhoghlaim agus cúpla damhsa den scoth a dhéanamh! Níl aon taithí roimh ré ag teastáil. Ní mór do na rannpháirtithe a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir an t-am ar fad.



## Ceardlanna priontaíochta

**Art House | An Bóthar Nua, Cill Airne | Aois: 5-8 mbliana d'aois: 2.30pm-4pm | Aois: 9-14 bliana d'aois: 5pm-6.30pm**
**Le cur in áirithe: www.arthousekillarney.com**

Sna ceardlanna seo, beidh na rannpháirtithe ag foghlaim teicnící éagsúla déanamh priontaí; monaiphriontáil, glóthachphriontáil agus priontáil le rudaí agus stionsail in úsáid. Tugtar spreagadh do rannpháirtithe turgnamh a dhéanamh agus go leor spraoi a bheith acu chun a gcuid priontaí agus saothar ealaíne féin a chruthú.



## Rince, Rince, Rince

**Sparrow Academy of Dance & Stage | ANAM: Ionad Ealaíona & Cultúrtha Chill Airne, V93 D628 | Aois: 4-7 mbliana d'aois: 5pm-5:45pm | Aois: 7-10 mbliana d'aois: 6pm-7pm | Aois: 10+ mbliana d'aois 7pm-8pm | Le cur in áirithe: katrinagalvin01@gmail.com**

Foghlaimeoidh na rannpháirtithe damhsa hip-hap sa chéad leath agus damhsa nua-aimseartha sa dara leath den cheardlann ón damhsóir Katrina Galvin.



## Ceardlann Little Squirrels

**Writers' Week | Ionad Pobail Lios Tuathail | Aois: 4-10 mbliana d'aois | Ceardlann: 10am-11.30am | Storytelling: 12.30pm**
**Le cur in áirithe: info@writersweek.ie | 068 21074**

Buail isteach chuig síciteiripeoir agus údar agus maisitheoir an leabhair do pháistí, The Little Squirrel Who Worried, de chuid Katie O' Donoghue le haghaidh ceardlann fholláine chruthaitheach a nascann gníomhaíochtaí agus scéalaíocht teiripeacha cruthaitheacha. Ní mór do na rannpháirtithe a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir an t-am ar fad.



## Ceardlanna Ealaíne leis an Ealaíontóir Louise Lynch

**Ionad Ealaíona & Amharclainne San Eoin, Lios Tuathail**
**Aois: 4-12 bliana d'aois | 10am, 11am, 12pm**
**Le cur in áirithe: www.stjohnstheatre.ie | 068 22566**

Sna ceardlanna seo, is féidir le rannpháirtithe triail a bhaint as teicnící agus scileanna éagsúla ealaíne cosúil le péinteáil, tarraingt agus meáin mheasctha.



## tarraing, dathaigh agus scríobh

**Músaem Scríbhneoirí Chiarraí, Lios Tuathail**
**Aois: 8-13 bliana d'aois | 11am-1pm | Le cur in áirithe: kerrywritersmuseumevents@gmail.com | 068 22212**

Faoi stiúir Marie Cronin, aimseoidh na rannpháirtithe a gcuid carachtar féin, ag scríobh scéal fúthu agus ag tarraingt agus ag dathú a gcuid pictiúr féin le luí leis an scéal chun mionscéal lámhscríofa/pictiúrleabhar a chruthú (4-6 leathanach).



## Be Wild Little One: Scéalaíocht & Ceardaíocht leis an Údar Olivia Hope

**Leabharlann Chiarraí | Leabharlann Lios Tuathail | Aois: 4-9 mbliana d'aois | 12pm-1.30pm | Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Buail isteach chuig Olivia le haghaidh seisiún scéalaíochta de Be Wild Little One agus seisiún ceardaíochta féileacáin ina dhiaidh sin, a nascann leis an scéal.

Cruinniú na nÓg





# Ceantar Bardasach NEIDÍN

## Seisiúin Ceoil Chomhroinnte

**Festival in a Van | Accommodation Centres Hosting Ukrainians Gach Aois | Níl an imeacht oscailte don phobal**

Is imeacht ealaíona beo soghluaiste é Festival in a Van a chuireann taibhithe beo ar fáil do phobail ar fud na hÉireann. Óstálfaidh siad léirithe, ina mbeidh daoine fásta agus daoine óga araon mar thaibheoirí, a dhéanfaidh ceol a cheiliúradh agus a chumhacht nascadh.

## Ceardlanna S.T.E.A.M.

**Makermeet | Leabharlann Chathair Saidhbhín | Aois: 7-9 mbliana d'aois 10.30am-11.30am | Aois: 10-12 bliana d'aois 12pm-1pm Aois: 13-15 bliana d'aois 2pm-3pm | Aois: 16-18 mbliana d'aois 3.30pm-4.30pm | Le cur in áirithe: www.makermeet.ie/events**

**Make A Whirligig | Aois: 7-9 mbliana d'aois | 10.30am-11.30am**
Tar agus déan bréagán rotháin as cairtchlár (tugtar Whirligig air freisin) ar féidir a rothlú suas go 20,000 imrothlú sa nóiméad! Baintear úsáid as an 'mbréagán' seo mar lártheifneoir i go leor áiteanna ar fud an domhain nach bhfuil leictreachas ar fáil. Ligeann sé sin do dhaoine substaintí bitheolaíochta a scaradh, ina mbeadh lártheifneoir ag teastáil roimhe sin, a chosnódh €10,000 ar a laghad.

**Make Mini Rockets | Aois: 10-12 bliana d'aois | 12pm-1pm**
Buail isteach linne chun mionroicéid an-simplí ach ardéifeachtúil a dhéanamh! Is féidir na roicéid seo a sheoladh os cionn 30 troigh! Déanfaimid taiscéalaíocht ar fhuinneamh, fad agus níos mó sa turgnamh corraitheach agus spraíúil seo.

**Samhaltú Cluiche 3D (3D Game Modelling) | Aois: 13-15 bliana d'aois 2pm-3pm**
Fiosraigh an domhan corraitheach de shamhaltú 3D! Is féidir an méid sin a úsáid chun samhlacha a úsáid, rudaí a dhéanamh, priontáil 3D... nó cluiche sciobtha agus éasca a dhéanamh. Cruthaigh do shamhlacha 3D féin agus déan cluiche simplí ach spraíúil leo.

**Green Screen FX | Aois: 16-18 mbliana d'aois | 3.30pm-4.30pm**
Tá Chroma Key, nó "Green Screen" mar a bhfuil aithne níos fearr air, ar cheann de na príomhtháirgí éifeachtaí FX speisialta a úsáideann scannánóirí ar fud an domhain. Ach an raibh a fhios agat gur tháinig athrú ar theicneolaíocht, agus déantar anois é le roinnt teicneolaíochta simplí? Buail isteach linn chun an bealach a oibríonn Chroma Key a fhiosrú agus a thuiscint agus cuir thú féin i bhfíseán nó íomhá shocair agus Green Screen in úsáid agat!




## Ceardlann aisteoireachta óige

**Ionad Ealaíona Carnegie, Neidín | Aois: 12-18 mbliana d'aois**
**11am-5pm | Le cur in áirithe: info@carnegieartskenmare.ie**
**064 064 664**

Bain sult as cluichí amharclainne, téigh suas, tobchumadóireacht, scigí agus déan drámaíocht a phlé faoi stiúir an chleachtóra amharclainne April Ferron. Tar agus buail le daoine óga eile atá fiosrach faoi aisteoireacht agus glac do chéad chéimeanna ar stáitse i dtimpeallacht ina bhfuil tacaíocht ar fáil.



## Seó Mr. BOOM

**Drum Dance Ireland | Library Place, Cill Orglan**
**Aois: 5-15 bliana d'aois | 4pm-5pm | Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Beidh an tUasal BOOM ó Drum Dance Ireland faoi stiúir an taispeántais idirghníomhaigh seo atá lán le cluichí agus gníomhaíochtaí spraíúla agus seans maith ag rannpháirtithe taithí a fháil ciorcal druma mór a chleachtadh. Cuirfear a gcuid drumaí nó cnaguirlis féin ar fáil do rannpháirtithe agus tugtar cuireadh do rannpháirtithe ar gach cumas páirt a ghlacadh ann.



## Can le do Chroí

**Ionad Ealaíona Carnegie, Neidín | Gach aois | 7-9pm**
**Le cur in áirithe: www.eventbrite.com/e/sing-with-your-heart-tickets-617062629937**

Tá an taispeántas mar thoradh ar shraith de shé cheardlann amhránaíochta arna áisiú ag an gceoltóir agus amhránaí Maureen Sullivan le scoláirí ó Bhunscoil Réalt na Mara i dTuath Ó Siosta. Beidh an lucht féachana ag súil le clár ina mbeidh amhráin traidisiúnta agus chomhaimseartha ar an ardán.

# Ceantar Bardasach OILEÁN CIARRAÍ/CHORCA DHUIBHNE



## Give it Socks!

**The Hand March | Leabharlann Oileán Ciarraí**
**Aois: 5-12 bliana d'aois | 10.30am-11.30am | Le cur in áirithe: thehandmarch@gmail.com (níl ach 10 spás ar fáil, mar sin ba chóir áirithint a dhéanamh gan mhoill)**

Beidh an deis ag rannpháirtithe a gcuid puipéad stoca féin a dhéanamh agus bunphrionsabail phuipéadóireachta a fhoghlaim ó Alex. Stocaí ildaite, súile gúglála agus neart maisiúcháin. Beidh tú ag labhairt le do lámh gan mhoill!



## Thunderous Entertainment Haberdashery le Guido Fanzini

**Fanzini Productions | Gairdíní An Dísirt, Daingean Uí Chúis**
**Gach Aois | 1pm-1.40pm | Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Bailigh timpeall chun na geáitsí iontacha a fheiceáil a dhéanann an tlodálach dathúil as Ciarraí, Guido Fanzini. An bhfuil sé as a mheabhair nó dochreidte cróga? Is cuma, mar cuireann sé 40 nóiméad de ghreann iontach agus spraoi iomlán i láthair ina shorcas le cleasa contúirteacha, grinn. Tá Guido Fanzini chomh maol le hubh ghé ach breathnaíonn sé go maith i chiffon agus i lása. Baintear úsáid as teanga cleasa atá neamhairdiúil ar bhás i ngach cor, a thugann greann don gheáitsíocht ar fad. Ná caill an laoch seo ar an stáitse sorcais Éireannach.

## Ceol sna Gairdíní

**Gairdíní An Dísirt, Daingean Uí Chúis | Gach Aois | 4.30pm-5pm**
**Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Bain sult as bannaí máirseála ó Bhunscoil an Chlochair lena mbanna scoile.



## Ceardlann Ealaíne Sheapánach ar Ghearradh Páipéir Notans

**Zoom | Aois: 8+ mbliana d'aois | 3pm-5pm**
**Le cur in áirithe: rebeccalyons1977@gmail.com roimh an 6 Meitheamh (le cinntiú go bhfaigheann tú na hábhair sa phost in am)**

Foghlaim faoi ealaín Notans na Seapáine, agus spraoi in úsáid agus gearradh páipéir chun íomhá a chruthú, leis an ealaíontóir Rebecca Lyons.

## Ceardlann Plátaí Casaidh

**Irish Street Arts, Circus & Spectacle Network**
**Gach Aois | Ní gá áirithintí a dhéanamh**

Foghlaim an chaoi le pláta a rothlú le Circus Explored. Bailigh do chit rothlaithe ó do leabharlann áitiúil ón 8 Bealtaine agus tabharfaidh an cód mearfhreagartha laistigh den chit chuig suíomh gréasáin thú leis na ranganna teagaisc "Cén chaoi" agus "Cleasanna". Tá teorainn ar líon na gciteanna mar sin bailigh iad gan mhoill chun díomá a sheachaint.



# Lá atá ag cur thar maoil le Cruthaitheacht don Aos Óg

**arts.kerrycoco.ie**

**www.cruinniu.creativeireland.gov.ie/events/location/kerry/**

**@KerryCoArts @CreativeIrl | Uimhir ghutháin 066 718 3541 | Ríomhphost: arts@kerrycoco.ie**

*Tá imeachtaí faoi réir athruithe. Féach ar an suíomh gréasáin náisiúnta & ar ár meáin shóisialta chun teacht ar eolas cothrom le dáta. Tá an clár seo ar fáil chun íoslódáil i mBéarla, i nGaeilge, i bPolainnis agus in Úcráinis ó arts.kerrycoco.ie*

*Is tionscnamh é Cruinniú na nÓg den Chlár Éire Ildánach ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus é curtha i láthair i gcomhar le RTÉ agus na hÚdaráis Áitiúla.*

Cruinniú na nÓg